

Ní haineamh óige i bhflaithibh

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 23]

Fear Flatha Ó Gnímh .cc.

1 Ní haineamh óige i bhflaithibh;
aois le neach do neamhchaithimh
ní móide do mheall a chert;
ferr an óige iná an fhoirfeacht.

2 Ní ar shinsearacht shaoilid cách
a mbeith aca 'na n-ursgáth
gach slat ghlantoraídh da ngein
do phlantodhaibh mac Míleadh.

3 Eiriomhón an uair do thil
clár Banbha ar bhél a shinnsir,
ris an inissi Fiadh Fáil
riamh dob infheisi ógáin.

4 Conn mac Úna, nar ob treas,
san aois óig ó fuair flaitheas,
do fhágaibh mur cheart 'ga chloinn
gur dhleacht da n-ágaibh urruim.

5 Gérbh óige Niall na naoi nglas,
sgríobhtha a chert ar a cheannas
i gcóig sélaibh slat thime
ar béalaibh mac Moinghinne.

6 Ní dleaghar oirneadh gan fháth;
togha an óig as fhearr iomráth
lenaídh da fhréimh do riaghóil,
i ndeaghoidh Néill Naoighiallaigh.

7 Óige ríogh nGaoidhiol nír gheis
etorra is ionnradh flaithis;
ní da thaobh as gnáth geasa
ar bhláth a gcraobh gcoibhneasa.

8 An óige lé n-uair umhla,
do nós síl Néill nathardha,
agso an ainimh nír fhégh dhí
ní sgél i n-aighidh Énrí.

9 Ní hainimh óige is gidh eadh,
suidhe i bhfód shealbha a shinnsear
san aois óig ní héider d'aon

mun dtréigeadh a mhóid mhacaomh.

10 Ós cionn tíre an tráth do bhiadh
cionnus budh héidir d'óighthriath
súil ar léimibh lúidh leanbhdha
súil ar thréidhibh tighearna?

11 I gcomhrogha ad-chídhthior leis
cluiche agus coimhéd flaithis,
dar thréig maighre Locha Laoidh
a airdhe mocha macaoimh.

12 Tug an fhortún aghaidh air
lá a chealgtha ó chluiche an reabhraidh;
ón ló táirios an toice
an t-áinios dó as dermoite.

13 Masé as sgél ar sgoith Line
gan bheith abaidh aimsire,
atá aighidh an raith ris;
maith an ainimh an aithis.

14 Ní hainimh d'Énri Ó Néill
glacadh a dhúthchois dhoiséin,
clár slim na gcéideadh gcorcra,
re linn méideadh macochta.

15 Mur sin nár ghuth da ghnúis shaoir,
lá éigiin i n-aois mhacaoimh,
techt ós iath Ír dha faire,
do rígh Cliach do Chonaire.

16 Feis Teamhra an tráth dob ollamh,
goirid techta a tréanurradh
aonuighe Fódla mun bhfleidh
d'fhógra aonduine uaisdeibh.

17 Gealluid sluaigh Fáil ar an bhfeis
Temhoir do dhiongna a bhflaithis
togha an neich thíseadh asteach
do bhreith na bhfíseadh bhfáidheach.

18 Cuirid 'na shuan sheicheadh ndoimh
um dhraoi d'fhios cia budh cubhaidh
don fhréimh ghaidhealta ós gurt Bregh
a hucht draoidhechta a ndéeadh.

19 Ar an draoi: "Gibé ambárach
tig sonn ar chionn comhárach

sealbh ar chró an Daghdha go ndligh,
ar n-amhra dhó do dheimhnigh.”

20 Do chíd chugtha ar chionn maidne
ógán aiosi anaibghe,
breac do éirigh d’iochroibh gaoil
go ndéinimh miochair macaoimh.

21 Do bé rision rádh gach fir:
“Do mhnaoi aosda mac Mílidh
atá so amhulchach d’fhior;
ní fagharthach dho i ndlighiodh.”

22 Ar Conaire an chrotha naoi:
“longnadh liom nach iad fheuchthaoi
airdhe flatha ar an bhfeisi,
tacha ainmhe mh’óigeisi.

23 Um cheird muna meallta mé
séimh an ainimh an óige,”
ar rí Fáil “madh óige inn,
mo cháir ní móide mhaithim.”

24 Aitheasg flatha ó fríth ’na bheol,
briathar nárbh fhéidir d’aithcheodh
do bé críochbhun ar canadh
ríoghthur é ré n-apchughadh.

25 Lá togharma i dtigh cúirte
ar ua mBriain, bos neamhdhúinte,
tarla dar lat an leithsgél
mur mhac amhra Eidirsgél.

26 Cumus an ógáin eile
’ga bhfríth freagra puiblidhe,
táinic lá do thoigh Dha Thí,
atá ’s ní fhoil ag Énrí.

27 Ceannus Banbha má do bhí
d’iomorcraidh aige ar Énrí,
gér shia go a ciomhsoibh a chuing,
nír lia gun fhiorsoin d’fhoghlum.

28 Nírbh usa dhó a hucht eagna
foirm dhlighidh do dheighfhreagra
’ná do bhláth ó Néill anois
do réir fháth agus eoluis.

29 Gidh eadh do badh annsa leo,

aicme Cuinn na gcéad chathghleo,
fir da sgríobhtha comhtha cháigh,
dornchla líomhtha ináid leabhráin.

30 Nírbh annsa leo ar lár muighe
doimh ag deunamh treabhuire
'ná bró seng sguabileabhur sguir
dob fherr d'uaigniughadh fhásuigh.

31 Dual d'Énri as a óige
cluiche lúibe is liathróide
ar chuartoibh foda cláir Cuilt,
's ar gháir dtroda do thabhuirt.

32 'S ar dhúsacht ré n-éirghe én,
's ar ól uisge i n-ucht roighlén,
's ar chodladh i gcéidibh all,
's ar chognamh éidigh d'fhulang.

33 Ní rún cean ní hintinn áigh
atá i meanmain mhic Seaáin;
malairt tar an uairsin ann
ag uaislibh raghuirt Fhreumhann.

34 Cead luighe ar leabthaibh socra
súan ar son a ndúsochta
sgís na siobhal ag slógh Breagh,
sról i n-ionadh a n-éideadh.

35 Ar mhac Róis acht nach rug sin
aimsir chean ó chruas dlighidh
foghla i rosa um ráith Da Thí
nir dháich anosa ar neimhthní. Ní hain...

36 Bean nach do bhantracht Banbha
sonn go n-uaisle n-athardha,
gnúis náir as maothbhanda modh
do mhnáibh saorchlannda Saxan.

37 Fuair an té ó dtáinic sí
ón phrionnsa, inghen Énri,
's do thuill gairm ós uaislibh d'fhuil
ainm do uaisligh a hathair.

38 Gion go bhfeasmaois cia ór chin
a cruth saor go snuadh bhfaoilidh
's méd raith a rechta solais,
bearta braith a bunadhais.

39 Marta ó chuireas a cearda
re béusoibh ban gaidhiolda,
meastur í re haindribh Breagh;
ní dha hairrdhibh ní haineamh.